



An Bhruiséil, 18 Iúil 2022
(OR. en)

11421/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0161(NLE)

SCH-EVAL 97
ENFOPOL 405
COMIX 373

TORADH NA nIMEACHTAÍ

Ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 12 Iúil 2022

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 9876/22
roimhe seo:

Ábhar: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaitníodh i meastóireacht 2021 ar an **mBeilg** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse **an chomhair póilíneachta**

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaitníodh i meastóireacht 2021 ar an mBeilg maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i dtaca leis an gcomhar póilíneachta, a ghlac an Chomhairle ag an gcrúinniú a bhí aici an 12 Iúil 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

MOLADH

maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an mBeilg maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhair póilíneachta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buancoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen¹, agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an chomhair phóilíneachta i ndáil leis an mBeilg i mí an Mheithimh 2021. I ndiaidh na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022)980 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil lena gcuimhdaítear na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnamh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

¹ IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

- (2) Ar an leibhéal straitéiseach, tá struchtúr éifeachtach i bhfeidhm ag an mBeilg chun a measúnú náisiúnta ar bhagairtí a dhéanamh. Ós rud é go n-áirithíonn an Stiúrthóireacht um Chomhar Idirnáisiúnta Póilíneachta go gcuirtear riachtanais oibríochtúla san áireamh go comhsheasmhach nuair a bhíonn tosaíochtaí idirnáisiúnta á socrú, tá an Bheilg rannpháirteach go mór sna tionscadail idirnáisiúnta oibríochtúla ina nglacann sí páirt. Ar an leibhéal oibríochtúil, comhaontú BENELUX athbhreithnithe idir an Bheilg (a daingníodh cheana), an Ísiltír agus Lucsamburg, is é sin an comhaontú is fairsinge maidir le comhar póilíneachta i limistéar Schengen. Ceadaíonn sé, i measc nithe eile, rochtain fhrithpháirteach ar bhunachair sonraí póilíneachta a chéile, tóir gan choinníollacha agus aonaid speisialta idirghabhála a úsáid ar chríocha a chéile i gcás ina bhfuil gá leis. Thairis sin, roinneann an Bheilg a faisnéis oibríochtúil go (réamh)g(h)níomhach le tíortha eile, agus sainíonn sí go soiléir an bealach atá le húsáid.
- (3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh ag an mBeilg chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. Ba cheart tús áite a thabhairt do mholtaí 3, 4 agus 14 a chur chun feidhme.
- (4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de shé mhí ó dháta a ghlactha, ba cheart don Bheilg, de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, measúnú a sholáthar don Choimisiún ar chur chun feidhme féideartha na moltaí le haghaidh feabhsuithe, maille le tuairisc ar na gníomhaíochtaí is gá.

AG MOLADH:

gur cheart don Bheilg an méid seo a leanas a dhéanamh:

Pointe teagmhála aonair

1. na huirlisí anailíse agus an oiliúint a chur ar fáil dá Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim chun é a chur ar a gcumas dóibh a gcroímhisean a chomhlíonadh, is é sin anailís thrasteorann a dhéanamh;

2. úsáid an Fheidhmchláir Líonra um Malartú Slán Faisnéise, ar feidhmchlár Europol é, a leathnú chuig Lárionad um Chomhar Póilíneachta Lucsamburg, agus leas á bhaint as acmhainneacht iomlán na huirlise sin;

Córas Bainistithe Cásanna

3. córas bainistithe cásanna aonair a bhunú, mar atá beartaithe cheana féin, le haghaidh an Phointe Teagmhála Aonair (an Oifig Thosaigh, an Chúloifig agus Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim) agus próiseáil faisnéise agus innealra sreafa oibre a uathoibriú, lena n-áirítear na cainéil malartaithe faisnéise idirnáisiúnta uile (Córas Faisnéise Schengen, Interpol, Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise Europol);

Bainistiú faisnéise agus bunachair sonraí idirnáisiúnta

4. feabhas a chur ar an bhfeidhmchlár cuardaigh náisiúnta chun cuardaigh aonair ar ábhair a dhéanamh, agus a áirithiú go bhfuil seiceálacha ar Chóras Faisnéise Schengen (SIS) agus ar bhunachair sonraí Interpol éigeantach;
5. rochtain ar Chóras Faisnéise Europol a leathnú trí ‘ANG – Consultation’, in éineacht le hoiliúint chomhfhreagrach ar úsáideoirí deiridh;
6. réiteach teicniúil a fhorbairt chun rochtain ríomhairithe ar chláir óstán a chur ar fáil d’oifigigh forfheidhmithe dlí, dá mbeadh gá leis sin;
7. feasacht a mhúscailt i measc póilíní maidir le Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle;
8. rochtain dhíreach a thabhairt dá n-údarás custaim ar Chóras Faisnéise Europol agus ar bhunachair sonraí Europol;
9. rochtain a thabhairt do na póilíní ar bhunachair sonraí custaim, ar bhonn amas/gan amas;

Comhar oibríochtúil trasteorann

10. sásra athbhreithniúcháin foirmiúil a áireamh sna comhaontuithe déthaobhacha uile de réir Airteagal 39(5) den Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, arb é is aidhm dó a n-éifeachtúlacht oibríochtúil a mhéadú;
11. córas clárúcháin a bhunú le haghaidh na n-oibríochtaí póilíneachta trasteorann dá dtagraítear in Airteagail 40 agus 41 den Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, córas inar féidir staitisticí náisiúnta iontaofa a thiomsú i ndáil leis na hoibríochtaí sin;

Eitic fórsaí póilíneachta

12. reachtaíocht a chur chun cinn chun sceithirí a chosaint;
13. na bogearraí iomchuí agus éasca le húsáid a chur ar fáil d'oifigeach cosanta na bPóilíní Cónaidhme, oifigeach atá freagrach as malartú idirnáisiúnta faisnéise, chun anailís a dhéanamh ar chomhaid loga;

Acmhainní daonna agus oiliúint

14. oiliúint leanúnach éigeantach níos doimhne a chur ar fáil do na baill foirne phóilíneachta ábhartha uile maidir le bunachair sonraí idirnáisiúnta phóilíneachta agus uirlisí comhair a úsáid (lena n-áirítear Airteagal 40 den Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle agus Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle) atá saincheaptha do na tuairiscí éagsúla ar na tascanna, chomh maith le cúrsaí teanga, agus tosaíocht á tabhairt san am céanna do bhaill foirne an Phointe Teagmhála Aonair go háirithe chun cur leis an gcur amach atá acu ar an mBéarla;

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán